C/2026/5956

11.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12399 — BRINK'S / NCR)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5956)

1. An 3 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— The Brink's Company ('Brink's', na Stáit Aontaithe),

— NCR Atleos Corporation ('NCR', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Brink's rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar NCR ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda bainistíochta airgid thirim agus earraí luachmhara, réiteach miondíola digiteach, agus seirbhísí bainistithe uathmheaisín bainc (UMB) é Brink's. I measc a gcustaiméirí tá institiúidí airgeadais, miondíoltóirí, gníomhaireachtaí rialtais, miontaí, seodóirí, agus oibríochtaí tráchtála eile ar fud an domhain. Freastalaíonn líonra domhanda Brink ar chustaiméirí i mbreis agus 100 tír,

— Is cuideachta teicneolaíochta airgeadais é NCR a sholáthraíonn réitigh bhaincéireachta fhéinstiúrtha ar fud an domhain. Cuimsítear ar a ghníomhaíochtaí crua-earraí BAT a mhonarú agus a sholáthar, bogearraí UMB a sholáthar, seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin UMB, forbairt agus tacaíocht, seirbhísí bainistithe UMB, réitigh seachfhoinsithe UMB mar Sheirbhís, agus cur in úsáid agus oibriú UMB.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12399 — BRINK'S / NCR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').